RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1692 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Meán Fómhair 2021

lena leasaítear Iarscríbhinní V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann leis an mBotsuáin ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, táirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus feoil úr agus táirgí feola ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos, *inter alia*, na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus tá feidhm aige ón 21 Aibreán 2021. Ceann de na ceanglais sláinte ainmhithe sin is ea gur cheart gur ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin, a thiocfaidh na coinsíneachtaí sin.

(2) Tá Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) mar fhorlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, is éard a fhoráiltear nach gceadófar coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha ná táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoina raon feidhme a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más ó thríú tír nó ó thríú críoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch a thagann siad, a liostaítear le haghaidh an speicis agus na gcatagóirí áirithe sin ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch i gcomhréir leis na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear do na speicis agus do na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinn V, Iarscríbhinn XIV agus Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach anois na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr agus de tháirgí feola ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) An 6 Meán Fómhair 2021, thug an Bhotsuáin fógra don Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) faoi ráig den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI). Bhí an ráig sin ann i gceantar Kgatleng den tríú tír sin, agus deimhníodh í an 27 Lúnasa 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(6) Sonraítear sna liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chrios a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV agus i Roinn A de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 go n-údaraítear coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr agus de tháirgí feola ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ón mBotsuáin. Ina theannta sin, faoi láthair, i Roinn A de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, ní cheanglaítear aon chóireáil mhaolaithe riosca chun coinsíneachtaí de tháirgí feola raitíteach ón tríú tír sin a theacht isteach san Aontas.

(7) I ngeall ar an riosca a bhaineann le HPAI a thabhairt isteach san Aontas, riosca atá nasctha le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr agus de tháirgí feola ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ón mBotsuáin, agus in éagmais ráthaíochtaí lena bhféadfaí an tríú tír sin a réigiúnú, níor cheart údarú a thabhairt a thuilleadh coinsíneachtaí den sórt sin a thabhairt isteach san Aontas. Ina theannta sin, ba cheart cóireáil laghdaithe riosca D a cheangal, i gcomhréir le hIarscríbhinn XXVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, chun coinsíneachtaí de tháirgí feola raitíteach ón tríú tír sin a theacht isteach san Aontas.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, na hiontrálacha a bhaineann leis an mBotsuáin i liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch a leagtar amach sna táblaí i gCodanna 1 d'Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV agus sa tábla i Roinn A de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch reatha sa tríú tír sin a chur san áireamh.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn V, Iarscríbhinn XIV agus Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(10) Tríd an staid eipidéimeolaíoch reatha sa Bhotsuáin a chur san áireamh maidir le HPAI, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn V, Iarscríbhinn XIV agus Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn V, Iarscríbhinn XIV agus Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn V, Cuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an mBotsuáin:

“**BW** An Bhotsuáin	BW-0	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	P1	C	27.8.2021	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	P1	C	27.8.2021	
		Uibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe	SPF				
		Uibheacha goir raitíteach	HER	P1	C	27.8.2021”	

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an mBotsuáin:

“**BW** An Bhotsuáin	BW-0	Feoil úr raitíteach	RAT	P1	C	27.8.2021”	

(3) in Iarscríbhinn XV, i gCuid 1, i Roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an mBotsuáin:

“**BW** An Bhotsuáin	BW-0	B	B	B	B	B	B	B	Neamhúdaraithe	D	Neamhúdaraithe	**MPST”**	